# Scoláireacht Ashling Murphy
# Téarmaí agus Coinníollacha

## 1 Scoláireacht Ashling Murphy

1.1 Bronnfar scoláireacht amháin ar mhac léinn fochéime sa chéad bhliain atá cláraithe ar chlár um oideachas múinteoirí (bunleibhéal) (B.Oid/B.Oid Bealach Iontrála Gaeltachta/B.Oid Idirnáisiúnta/B.Oid san Oideachas agus sa tSíceolaíocht) ina mbliain iontrála go dtí Coláiste Mhuire gan Smál.

1.2 Is sparánacht aonuaire í an scoláireacht le luach de €4,000, atá maoinithe ag Cumann Múinteoirí Éireann agus CMgS araon.

1.3 Mairfidh an scoláireacht ar feadh na bliana acadúla ina mbronntar an scoláireacht.

## 2 Foirm Iarratais

2.1 Ní mór d'iarratasóirí foirm iarratais ar líne a líonadh isteach atá le fáil ar: www.mic.ie/scholarships

2.2 Is é 1 Meán Fómhair i mbliain an iarratais an dáta deiridh d'iarratais.

## 3 Nós Imeachta Iarratais Scoláireacht Ashling Murphy

Chun a bheith san iomaíocht do Scoláireacht Ashling Murphy is gá d'iarratasóirí:

3.1 Ceann amháin, ar a laghad, de na cláir B.Oid seo a leanas a chur mar phríomhrogha ar a n-iarratas LOI: MI004/MI005/MI006/MI008

3.2 Iarratas a dhéanamh go díreach chuig CMgS ar an scoláireacht trí fhoirm iarratais ar líne a líonadh isteach, agus a Uimhir LOI á lua ann.

3.3 Fístaifeadadh a chur ar fáil a thaispeánann an sár-inniúlacht theicniúil atá iontu in uirlis amháin nó níos mó i gceol traidisiúnta na hÉireann

- 3.3.1 Níor chóir go mbeadh fad iomlán an fhístaifeadta níos faide ná 3 nóiméad.
- 3.3.2 Ní féidir ach fístaifeadadh amháin a chur isteach ó gach iarrthóir.
- 3.3.3 Glactar leis na formáidí físeáin seo a leanas: .mp4 agus .mov
- 3.3.4 Ní mór don fhístaifeadadh díriú isteach ar fheidhmíocht an iarratasóra agus é a léiriú; ní dhéanfar meastóireacht ar léirithe grúpa a chuireann leibhéal cumais an dhuine aonair faoi cheilt.

3.3.5 Caithfidh gach comhad a uaslódáiltear an coinbhinsiún ainmniúcháin seo a leanas a leanúint: *sloinne-céadainm-uimhirLOI*

3.4 Na Critéir Mheasúnaithe a chomhlíonadh (féach Mír 4).

3.5 Na riachtanais iontrála ar fad a bhaineann lena rogha clár a chomhlíonadh.

3.6 Glacadh lena n-áit LOI agus clárú go hiomlán ar a rogha clár sa bhliain chéanna inar cuireadh isteach iarratas ar an scoláireacht

## 4 Critéir Mheasúnaithe

Beidh feidhm ag na critéir mheasúnaithe seo a leanas. Ní mór d'iarratasóirí fianaise a léiriú/a thaispeáint go bhfuil na scileanna seo a leanas acu:

4.1 Inniúlacht theicniúil den scoth in uirlis amháin nó níos mó i gceol traidisiúnta na hÉireann. (30%)

4.2 Taithí i gcomhthéacsanna éagsúla sa cheol traidisiúnta – mar cheoltóir aonair nó in éineacht le ceoltóirí eile mar bhall de ghrúpa nó *ensemble* m.s.h cur i láthair beo, craoladh srl. (30%)

4.3 Suim láidir san oideachas agus i múineadh dhaoine óga i réimse cheoil thraidisiúnta na hÉireann, le fianaise air sin. (20%)

4.4 Paisean don bpobal agus cur leis an tsochaí, go háirithe trí oideachas ceoil traidisiúnta na hÉireann. (20%)

## 5 Próiseas Moltóireachta Scoláireacht Ashling Murphy

Tá Coiste tiomnaithe Scoláireachtaí Ashling Murphy i bhfeidhm ag CMgS, ar a bhfuil baill ó CMgS agus ó Chumann Múinteoirí Éireann, a dhéanfaidh an próiseas iarratais a mheas agus a mhaoirsiú.

5.1 Déanfaidh an Coiste athbhreithniú ar gach iarratas agus cruthófar gearrliosta d'iarratasóirí oiriúnacha a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh tar éis an spriocdháta d'iarratais, 1 Meán Fómhair.

5.2 Is é an Coiste a déanann an cinneadh deireanach. Déanfar iarratasóir a dhícháiliú má déantar canbhasáil.

5.3 Cuirfear litir thairisceana ar aghaidh chuig an iarratasóir rathúil ar Scoláireacht Ashling Murphy tar éis na n-agallamh.

## 6 Freagrachtaí Dámhachtaí Scoláireacht Ashling Murphy

6.1 Táthar ag súil go bhfeidhmeoidh an dámhachtaí mar ambasadóir do CMgS agus do Chumann Múinteoirí Éireann i dtéarmaí a rannpháirtíocht cheoil agus gníomhaíochtaí eile de réir mar iarrann an Coláiste agus Cumann Múinteoirí Éireann orthu don bhliain ina bhfuil an scoláireacht ina seilbh acu.

6.2 Táthar ag súil go bhfreastalóidh an t-iarratasóir rathúil ar thrí imeacht bolscaireachta ar a laghad i rith bhliain na scoláireachta MIC agus go ndéanfaidh siad ionadaíocht ar CMgS agus/nó ar Chumann Múinteoirí Éireann ag na himeachtaí seo.

6.3 Beifear ag súil go bhfreastalóidh an dámhachtaí ar ócáid amháin de chuid Chumann Múinteoirí Éireann ar a laghad, agus go gcuirfidh sé/sí alt faoina dtaithí ar fáil d’fhoilseacháin Chumann Múinteoirí Éireann.

6.4 Ní mór don iarratasóir rathúil cloí le Cód Iompraíochta Mac Léinn CMgS i gcónaí agus gan dul i mbun gníomhaíochta ar bith a d’fhéadfadh droch-cháil a tharraingt ar an gColáiste agus/nó ar Chumann Múinteoirí Éireann. Coimeádann CMgS agus Cumann Múinteoirí Éireann ar aon an ceart an scoláireacht a tharraingt siar má fhaightear amach go bhfuil Cód Iompraíochta Mac Léinn CMgS á shárú ag an dámhachtaí.

6.5 Sa chás nach bhfuil an t-iarratasóir rathúil in ann tabhairt faoina freagrachtaí seo sa bhliain a ghnóthaíonn siad an scoláireacht, beidh ar an ndámhachtaí gach dualgas ambasadóra a chomhlíonadh níos déanaí.

Tá dualgas ar CMgS gach maoiniú a chuireann an Coláiste ar fáil do mhic léinn a chuir isteach ar dheontas SUSI a nochtadh do Thacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI). Ag brath ar an gcineál maoinithe a chuireann an coláiste ar fáil do mhic léinn, d’fhéadfadh SUSI é a thógaint sa áireamh mar ioncam ináirithe agus cinnithe á dtógaint acu maidir le deontais SUSI.

| **Document Revision History** | | |
|---|---|---|
| **Version No.** | **Date** | **Description of Change** |
| 0.1 | September 2022 | Document Approved |
| 0.2 | | |
| 0.3 | | |
| 0.4 | | |